Galar Croí

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar mhír i gceann tamaill faoi thuarascáil bainteach le galar croí. An bhfuil a fhios agatsa cad iad na comharthaí sóirt a bhaineann le galar croí? Pléigh leis an duine in aice leat iad.

Ceist 2 Sula bhféachann tú ar an mír, an féidir leat féin agus leis an duine in aice leat Gaeilge a chur ar na frásaí seo?

1. *heart failure:* _____
2. *to recognise:* _____
3. *chronic:* _____
4. *serious:* _____
5. *to nourish the organs:* _____
6. *swollen:* _____
7. *chest:* _____
8. *recommendations:* _____
9. *investment:* _____
10. *GP:* _____

Féachaigí anois ar an mír anois. An raibh an ceart agaibh?

Ceist 3 Féach ar an mír den dara babhta agus freagair na ceisteanna seo:

1. Moltar sa tuarascáil gur cheart eolas faoi chomharthaí sóirt cliseadh croí a scaipeadh níos forleithne. Cén fáth?
2. Cad iad na comharthaí sóirt a bhaineann le cliseadh croí?
3. Cad é an dearcadh a léiríonn an tAire Stáit Seán Kyne?

Ceist 4 Bí ag obair leis an duine in aice leat. Féachaigí ar an script thíos agus cuirigí líne faoi gach sampla den modh coinníollach a fheiceann sibh.

Eimear Ní Chonaola
Ní bhfaigheadh an oiread daoine bás le galar croí dá gcaithfí tuilleadh airgid ar eolas a scaipeadh agus tuiscint níos fearr a thabhairt ar na comharthaí sóirt a bhaineann le cliseadh croí. Sin é a deirtear i dtuarascáil a foilsíodh inniu. Níos lú ná seacht faoin gcéad de mhuintir na tíre atá in ann comharthaí cliseadh croí a aithint cé go bhfuil an galar ag gabháil do 90,000 duine in Éirinn.

Irene Ní Nualláin
Galar ainsealach, tromchúiseach atá i gcliseadh croí a thagann ar dhuine nuair a theipeann ar an gcroí dóthain fola a phumpáil tríd an gcorp leis na horgáin a chothú. Léiríonn tuarascáil neamhspleách atá curtha i dtoll a chéile faoin ngalar nach bhfuil ach seacht faoin gcéad de mhuintir na hÉireann in ann comharthaí cliseadh croí a aithint.

An Dr Dan Burke
Na comharthaí a bheadh ann ná na cosa a bheith ata, nó easpa anála, nó pian sa chliabhrach, nó a bheith tuirseach. Tá a lán rudaí ann a chuirfeadh tuirse ar dhuine ach... bheadh...tá sé tábhachtach go mbeadh an t-eolas ag daoine gurbh fhéidir go mbainfeadh tuirse leis an gcroí.

Irene Ní Nualláin
Deir an tAire Stáit Seán Kyne go bhfuil géarghá moltaí na tuarascála a chur i gcrích.

Seán Kyne, Aire Stáit na Gaeltachta
Teastaíonn ... go gcuirfeadh an rialtas agus na seirbhísí sláinte níos mó béime ar an ngalar seo agus go gcuirfidís ar fáil an infheistíocht chun na fadhbanna a bhaineann leis an ngalar seo… chun iad a réiteach.

Irene Ní Nualláin
Moltar sa tuarascáil Clár Náisiúnta Comhordaithe a chruthú le go mbeadh aire leanúnach ar fáil d'othair.

Sarah Burke
Molann an suirbhé seo go mbeadh teagmháil níos fearr ag an othar leis na dochtúirí baile agus leis an ospidéal, ar ais go dtí an dochtúir baile, cineál ciorcail, rud nach bhfuil ag tarlú faoi láthair.

Irene Ní Nualláin
Beidh moltaí na tuarascála seo á gcur faoi bhráid an rialtais agus Fheidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte agus súil go mbeidh siad curtha san áireamh nuair a bheidh polasaithe á réiteach ag an rialtas maidir le cliseadh croí sa todhchaí.
Irene Ní Nualláin, Nuacht TG4

Anois, féachaigí ar an abairt thíos agus ansin líonaigí na bearnaí sna habairtí a leanann í leis an bhfoirm cheart den bhriathar.
"**Ní bhfaigheadh** an oiread daoine bás le galar croí **dá gcaithfí** tuilleadh airgid ar eolas a scaipeadh […]"

1. Ní thiocfadh tuirse ar na páistí dá (tabhair) _____ abhaile níos luaithe iad.
2. Ní bheadh droch-chuma ar an áit dá (cuir) _____ boscaí bruscair ar fáil.
3. Ní theipfeadh ar an togra dá (déan) _____ an cúram i gceart.
4. Ní rachadh daoine i gcoinne an phlean dá (léirigh) _____ meas ceart orthu.

Ceist 5 Is comhfhocal é an focal 'géarghá' atá le cloisteáil sa mhír. Go minic, nuair a nasctar dhá fhocal le chéile bíonn séimhiú ag teastáil chun an dá phíosa a 'ghreamú' dá chéile. Samplaí eile ná 'comh**fh**ocal' agus 'dian**mh**achnamh'.

A: Bí ag obair leis an duine in aice leat agus smaoinígí ar chúig shampla eile de chomhfhocail.

B: Cén fáth **nach bhfuil** séimhiú ag teastáil ag an nascphointe sna samplaí thíos? Pléigh do thuairimí leis an duine in aice leat.

cúldoras
cúlsráid
lántaca
seanduine

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo thíos leis na daoine eile i do ghrúpa.

1. An dtugann tusa aire mhaith do do shláinte? Cad iad na béasa atá agat atá sláintiúil, dar leat?
2. An dóigh leat go dtéann daoine thar fóir ag iarraidh a bheith sláintiúil na laethanta seo? Cén fáth?
3. An mbíonn leisce ort (*are you reluctant*) dul go dtí an dochtúir nuair a bhraitheann tú breoite? Cén fáth?
4. An dóigh leat go bhfuil córas maith sláinte againn in Éirinn i gcomparáid le tíortha eile? Cén fáth?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1
Tabhair seans do gach beirt an cheist a phlé.

Ceist 2
1. cliseadh croí
2. rud a aithint
3. ainsealach
4. tromchúiseach
5. na horgáin a chothú
6. ata
7. cliabhrach
8. moltaí
9. infheistíocht
10. dochtúir teaghlaigh

Ceist 3
Pléigh freagraí na gceisteanna leis na foghlaimeoirí.

Ceist 4
Tá líne faoi shamplaí den modh coinníollach:

Eimear Ní Chonaola
Ní bhfaigheadh an oiread daoine bás le galar croí dá gcaithfí tuilleadh airgid ar eolas a scaipeadh agus tuiscint níos fearr a thabhairt ar na comharthaí sóirt a bhaineann le cliseadh croí. Sin é a deirtear i dtuarascáil a foilsíodh inniu. Níos lú ná seacht faoin gcéad de mhuintir na tíre atá in ann comharthaí cliseadh croí a aithint cé go bhfuil an galar ag gabháil do 90,000 duine in Éirinn.

Irene Ní Nualláin
Galar ainsealach, tromchúiseach atá i gcliseadh croí a thagann ar dhuine nuair a theipeann ar an gcroí dóthain fola a phumpáil tríd an gcorp leis na horgáin a chothú. Léiríonn tuarascáil neamhspleách atá curtha i dtoll a chéile faoin ngalar nach bhfuil ach seacht faoin gcéad de mhuintir na hÉireann in ann comharthaí cliseadh croí a aithint.

An Dr Dan Burke
Na comharthaí a bheadh ann ná na cosa a bheith ata, nó easpa anála, nó pian sa chliabhrach, nó a bheith tuirseach. Tá a lán rudaí ann a chuirfeadh tuirse ar dhuine ach... bheadh...tá sé tábhachtach go mbeadh an t-eolas ag daoine gurbh fhéidir go mbainfeadh tuirse leis an gcroí.

Irene Ní Nualláin
Deir an tAire Stáit Seán Kyne go bhfuil géarghá moltaí na tuarascála a chur i gcrích.

Seán Kyne, Aire Stáit na Gaeltachta
Teastaíonn ... go gcuirfeadh an rialtas agus na seirbhísí sláinte níos mó béime ar an ngalar seo agus go gcuirfidís ar fáil an infheistíocht chun na fadhbanna a bhaineann leis an ngalar seo… chun iad a réiteach.

Irene Ní Nualláin
Moltar sa tuarascáil Clár Náisiúnta Comhordaithe a chruthú le go mbeadh aire leanúnach ar fáil d'othair.

Sarah Burke
Molann an suirbhé seo go mbeadh teagmháil níos fearr ag an othar leis na dochtúirí baile agus leis an ospidéal, ar ais go dtí an dochtúir baile, cineál ciorcail, rud nach bhfuil ag tarlú faoi láthair.

Irene Ní Nualláin
Beidh moltaí na tuarascála seo á gcur faoi bhráid an rialtais agus Fheidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte agus súil go mbeidh siad curtha san áireamh nuair a bheidh polasaithe á réiteach ag an rialtas maidir le cliseadh croí sa todhchaí.
Irene Ní Nualláin, Nuacht TG4

1. Ní thiocfadh tuirse ar na páistí dá dtabharfaí abhaile níos luaithe iad.
2. Ní bheadh droch-chuma ar an áit dá gcuirfí boscaí bruscair ar fáil.
3. Ní theipfeadh ar an togra dá ndéanfaí an cúram i gceart.
4. Ní rachadh daoine i gcoinne an phlean dá léireofaí meas ceart orthu.

Ceist 5
Níl séimhiú sa liosta comhfhocal toisc go bhfuil na litreacha d, n, t, l, s, i gceist ag deireadh an chéad fhocail agus ag tús an dara focal.

Ceist 6
Cuir gach beirt nó triúr ag obair le chéile chun na ceisteanna a phlé.

Eimear Ní Chonaola
Ní bhfaigheadh an oiread daoine bás le galar croí dá gcaithfí tuilleadh airgid ar eolas a scaipeadh agus tuiscint níos fearr a thabhairt ar na comharthaí sóirt a bhaineann le cliseadh croí. Sin é a deirtear i dtuarascáil a foilsíodh inniu. Níos lú ná seacht faoin gcéad de mhuintir na tíre atá in ann comharthaí cliseadh croí a aithint cé go bhfuil an galar ag gabháil do 90,000 duine in Éirinn.

Irene Ní Nualláin
Galar ainsealach, tromchúiseach atá i gcliseadh croí a thagann ar dhuine nuair a theipeann ar an gcroí dóthain fola a phumpáil tríd an gcorp leis na horgáin a chothú. Léiríonn tuarascáil neamhspleách atá curtha i dtoll a chéile faoin ngalar nach bhfuil ach seacht faoin gcéad de mhuintir na hÉireann in ann comharthaí cliseadh croí a aithint.

An Dr Dan Burke
Na comharthaí a bheadh ann ná na cosa a bheith ata, nó easpa anála, nó pian sa chliabhrach, nó a bheith tuirseach. Tá a lán rudaí ann a chuirfeadh tuirse ar dhuine ach...bheadh...tá sé tábhachtach go mbeadh an t-eolas ag daoine gurbh fhéidir go mbainfeadh tuirse leis an gcroí.

Irene Ní Nualláin
Deir an tAire Stáit Seán Kyne go bhfuil géarghá moltaí na tuarascála a chur i gcrích.

Seán Kyne, Aire Stáit na Gaeltachta
Teastaíonn ... go gcuirfeadh an rialtas agus na seirbhísí sláinte níos mó béime ar an ngalar seo agus go gcuirfidís ar fáil[1] an infheistíocht chun na fadhbanna a bhaineann leis an ngalar seo…chun iad a réiteach.

Irene Ní Nualláin
Moltar sa tuarascáil Clár Náisiúnta Comhordaithe a chruthú le go mbeadh aire leanúnach ar fáil d'othair.

Sarah Burke
Molann an suirbhé seo go mbeadh teagmháil níos fearr ag an othar leis na dochtúirí baile agus leis an ospidéal, ar ais go dtí an dochtúir baile, cineál ciorcail, rud nach bhfuil ag tarlú faoi láthair.

Irene Ní Nualláin
Beidh moltaí na tuarascála seo á gcur faoi bhráid an rialtais agus Fheidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte agus súil go mbeidh siad curtha san áireamh nuair a bheidh polasaithe á réiteach ag an rialtas maidir le cliseadh croí sa todhchaí.

Irene Ní Nualláin, Nuacht TG4

[1] *go gcuireann siad* a deirtear